

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



Comhghairdeas!

Tá cúig cheacht déanta agat. Tá leath na hoibre déanta anois agat. Tá súil agam go bhfuil tú féin agus do pháistí ag baint taitnimh agus tairbhe as na ceachtanna seo.

Ag an bpointe seo ba chóir go mbeadh feabhas le feiceáil agat, go háirithe ar chumas teanga na bpáistí agus ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge.

Cé mhéad tic gur féidir leat a líonadh isteach ag an bpointe seo? Bí macánta!

1. Tá feabhas tagtha ar leibhéal tuisceana Gaeilge na bpáistí.
2. Tá feabhas ag teacht, de réir a chéile, ar an méid Gaeilge atá in úsáid ag na páistí.
3. Tháinig feabhas ar chumas na bpáistí: a) an liathróid a ardú leis an gcamán
b) an liathróid a choimeád cothrom ar an gcamán
c) ról rannpháirtithe a ghlacadh i gcluiche foirne
d) sraith treoracha a leanúint
4. Mar mhúinteoir, tá iarracht á dhéanamh agam an rang a spreagadh agus a ghríosadh chun an Ghaeilge a úsáid.
5. Tá feabhas tagtha ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge.
6. Mar mhúinteoir, tugaim ard-mholadh dóibh siúd atá ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a úsáid.
7. Táimse agus tá na páistí ag baint taitnimh as an gCorpoideachas trí Ghaeilge.

Ag an bpointe seo, tá 4 x 'Téamh Suas', 2 x 'Cluiche', 2 x 'Téamh Síos' déanta agat leis na páistí.

Leanfaimid ar aghaidh anois go muiníneach!

Ná déanaigí dearmad: Is fiú deich nóiméad a chaitheamh gach seachtain ag múineadh na teanga a bheidh riachtanach sa cheacht nua agus ag cleachtadh na teanga. Is dea-chleachtas é seo ina dtugtar deis do pháistí an teanga a chloisteáil, a mheabhú agus a chleachtadh roimhré.

B'fhiú luascháirtá /cairteanna a chumadh ina mbeidh an teanga don chluiche agus iad a chur in airde sa seomra ranga.

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



Molaim don mhúinteoir teanga mholta a úsáid nuair a bhíonn na páistí ag glacadh páirte sna ceachtanna seo agus iad a mhealladh agus a ghríosadh. Tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh siad ag déanamh aithrise ar an teanga chéanna de réir a chéile.

Iarraim ort, freisin, an teanga chomhlántach a shní isteach sa Ghaeilge Neamhfoirmiúil i rith an lae sa seomra ranga. Cabróidh sé seo leo agus sinn ag déanamh iarrachta an chéad chéim eile a bhaint amach, i.e., go mbeadh siad in ann cumarsáid a dhéanamh lena chéile trí mheán na Gaeilge le linn na gcluichí.

Go n-éirí leat agus bua linn!
Siobhán

Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

Lá 6: Téamh Suas: Téamh Suas amháin atá ar eolas acu (1 nó 2 nó 3) agus Téamh Suas 4: Rís & Rósta***

Forbairt: Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhfáinne agus Cluiche 2: An Liathróid sa bhFáinne

Téamh Síos: Téamh Síos 1: An Tiománaí agus Téamh Síos 2: Litreacha agus Uimhreacha***

Cuspóirí Foghlama: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- An Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach sna ranganna corpoideachais, ach go háirithe agus i rith an lae ar bhonn neamhfoirmiúil
- Na scileanna seo a leanas a fhorbairt sa chorpoideachas i) an sliotar a phiocadh suas leis an gcamán ii) an sliotar a choimeád go cothrom ar an gcamán iii) taisteal leis an sliotar ar an gcamán iv) cluichí foirne a imirt agus bheith in ann teacht ar réiteach mar fhoireann

*Téamh Suas 1 nó 2 nó 3 (ceann amháin)
agus*

Téamh Suas 4: Rís & Rósta

*Teanga atá Riachtanach chun an Téamh Suas a
dhéanamh:*

*Teanga Chomhlántach chun
cumarsáid as Gaeilge a chinntiú
linn an chluiche*

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



<p>Ith 27 Lámha in Airde</p>		
<p>Páirtneir ag gach duine.</p> <p>a) Déanfaidh an múinteoir líne le cóin ar an talamh.</p> <p>b) Seasfaidh na páirtneir in aice na líne - duine amháin ar gach taobh den líne. Lig dóibh spás a dhéanamh leis na lámha chun ná beidís ró-chóngarach dá chéile. Líne amháin isea rís. Líne eile isea rósta. Sibhse rís. Sibhse rósta. Tá páirtneir ag gach duine. Duine amháin isea rís, an duine eile isea rósta. Lámha suas rís – “Is mise rís.” Lámha suas rósta – “Is mise rósta.”</p> <p>c) Taispeáin sprioclíne don dá fhoireann. Rís – níl cead agaibh rith níos faide ná an líne seo. Rósta – beidh oraibh rith chomh tapa agus is féidir libh. Rósta – níl cead agaibh rith níos faide ná an líne seo. Rís – beidh oraibhse rith chomh tapa agus is féidir libh.</p> <p>d) Nuair a ghlaofaí an múinteoir “rís” beidh ar rís rith i dtreo na sprioclíne agus beidh rósta ag rith go tapa ag iarraidh breith ar rís. Nuair a ghlaofaí an múinteoir “rósta” beidh ar rósta rith i dtreo na sprioclíne agus beidh ar rís rith go tapa ag iarraidh breith ar rósta.</p> <p>e) Má bheireann do pháirtneir ort sula sroicheann tú an sprioclíne – deir sé/sí “Rug mé ort.” beidh pointe aige / aici.</p>	<p>Déanaigí ciorcal mór. Tusa A. Tusa B..... Druid siar. Téigh siar dhá chéim.</p> <p>An bhfuil na bróga reatha dúnta? An bhfuil sibh réidh / ullamh?</p> <p>Bígí ag éisteacht go cúramach. Bígí cúramach. Bígí deas lena chéile. Ná bí / bígí ag pleidhcíocht. Níl cead agat lámh a leagan ar éinne eile.</p> <p>Faigh na cóin / na fáinní a _____, le do thoil.</p> <p>X, ní raibh / níl tú ag éisteacht. Tar anseo.</p> <p>Déan / Tarraing líne dhíreach anseo leis na cóin. Cabhraigh leis, a _____.</p> <p>A – seasaigí ar an taobh seo de na cóin. Féachaigí an treo seo gach duine. B – seasaigí ar an taobh seo.</p> <p>Lámha amach gach duine – fág spás idir tú féin</p>	<p>Táimid réidh / ullamh. Nílimid réidh / ullamh. Druid amach. Druid amach uaim. Bog amach. Bog amach uaim. Níl go leor spáis agam. Tá tú ró-chóngarach dom.</p> <p>Is mise A. Is tusa B. Is mise “rís”. Is tusa “rósta”.</p> <p>Ní thuigim. Ní thuigim an cluiche seo.</p> <p>Cad is brí le “sprioclíne”?</p> <p>Tá mo chos / lámh tinn.</p> <p>Bhí X ag pleidhcíocht.</p> <p>Rug mé ort / air / uirthi. Níor rug mé ort / air / uirthi.</p> <p>Rug sé/sí orm. Níor rug sé/sí</p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



	<p><i>agus do pháirtneír. Déan spás duit féin. Bóg amach óna chéile / bog amach uaim. Níl aon spás agam. Níl go leor spáis agam.</i></p> <p><i>Féach anseo – A, seo an sprioclíne atá agaibh. B, seo an sprioclíne atá agaibh. Is tusa rís / is tusa rósta. Is mise rís. Is mise rósta.</i></p> <p><i>Nuair a déarfaidh mé “Rís” – Rís – bí ag rith go dtí an líne agus “rósta” rith chomh tapa agus is féidir leat agus déan iarracht breith ar do pháirtneír – “rug mé ort” “Tá pointe amháin agam”</i></p> <p><i>Tá X agus Y chun an cluiche seo a imirt dúinn. Bígí ag féachaint.</i></p> <p><i>Tá pointe amháin agam. (dhá phointe / trí phointe)</i></p>	<p><i>orm.</i></p> <p><i>Bhí tú an-tapa.</i></p> <p><i>Bhí tú ró-mhall.</i></p> <p><i>An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas. sos a thógáil</i></p> <p><i>Tá X ag caoineadh. Thit sé/sí. Bhuail siad in aghaidh a chéile. Timpiste a bhí ann. Rinne tú é d’aon ghnó.</i></p>
<p><i>Forbairt</i></p> <p>Cluiche 1: Ardaigh an Liathróid agus Déan Ruathar Aonair isteach sa bhfáinne</p> <p style="text-align: center;"><u>agus</u></p> <p>Cluiche 2: An Liathróid sa bhFáinne</p>	<p>Sábhailteacht m.sh.</p> <p><i>An bhfuil na bróga reatha dúnta?</i></p> <p><i>An bhfuil na hiallacha dúnta?</i></p> <p><i>An bhfuil clogad ar gach duine?</i></p> <p><i>Bígí cúramach. Bígí deas lena chéile.</i></p> <p><i>Beir greim ar do chamán i gceart. Cuir ar an talamh é. Anois pioc suas é agus croith lámha leis</i></p>	<p><i>An bhfuil cead agam an sliotar a phiocadh suas le mo lámh?</i></p> <p><i>Tá sé ró-dheacair.</i></p> <p><i>Tá sé an-éasca. Féach orm.</i></p> <p><i>Ní féidir liom é a phiocadh suas le mo chamán.</i></p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



	<p><i>an gcamán – lámh dheas, más féidir – Dia duit! Dia is Muire duit!</i></p> <p><i>Cas an camán. Cuir d’ordóg ar bharr.</i></p> <p><i>Cuir do lámh eile ar an gcamán. Cuir d’ordóg ar a bharr freisin. Déan an sliotar / an liathróid a rolladh anois agus pioc suas é/í.</i></p> <p><i>Pioc suas an sliotar ach ná leag lámh air.</i></p> <p><i>Coimeád súil amháin ar an liathróid.</i></p> <p><i>Bí ag siúl. Go mall, ar dtús.</i></p> <p><i>Bain triail as a bheith ag rith, anois.</i></p> <p><i>Tá / Níl cead agat an sliotar a phiocadh suas le do lámh.</i></p> <p><i>Is tusa uimhir a 1,2,3,4,5 / an ceannaire / an captaen. Cén uimhir atá agat? Cé mhéad duine ar/i do fhoireann? An mó duine....?</i></p> <p><i>Déanaigí líne dhíreach.</i></p> <p><i>..... ag bun an halla.</i></p> <p><i>..... ag barr an halla.</i></p> <p>.....</p> <p><i>Cluiche 2:</i></p>	<p><i>Bain triail as.</i></p> <p><i>Coimeád súil amháin ar an liathróid / sliotar.</i></p> <p><i>Tóg go bog é.</i></p> <p><i>Déan é go mall.</i></p> <p><i>Bí ag siúl ar dtús.</i></p> <p><i>An bhfuil cead agam rith leis an sliotar?</i></p> <p><i>Thit sé.</i></p> <p><i>Níor leag mé lámh ar an sliotar.</i></p> <p><i>Tá ___ ag caimiléireacht.</i></p> <p><i>Is mise uimhir a 1 / an ceannaire / an captaen.</i></p> <p><i>Cén uimhir atá agat?</i></p> <p><i>Tá duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear ar/i mo fhoireann.</i></p> <p><i>Cén chaptaen / cheannaire atá againn?</i></p> <p><i>Níl aon chaptaen / cheannaire againn.</i></p> <p><i>Níl aon chamán / liathróid againn.</i></p>
--	---	---

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



	<p><i>Is féidir leat / liom an liathróid a chaitheamh. Ní féidir leat / liom rith ná siúl leis an liathróid.</i></p> <p><i>Níl cead agat/agam rith / siúl leis an liathróid. Caith í.</i></p> <p><i>Preab an liathróid sa bhfáinne.</i></p> <p><i>Cabhraigh liom. Cá bhfuil tú? Táim anseo. Anseo. Táim in aice leat. Táim taobh thiar díot.</i></p> <p><i>cosantóirí agus ionsaitheoirí ag cosaint / ag ionsaí Sín amach do lámha. Déan iarracht í / é a stopadh. Tá mise ag cosaint / ag ionsaí.</i></p> <p><i>Ná leag lámh/méar ar aon duine. Is/Ní féidir lámh nó méar a chur ar an liathróid.</i></p> <p><i>Is féidir / Ní féidir leat / liom an liathróid a phreabadh sa bhfáinne. Níor tharla ceithre phas. Fuair X an liathróid faoi dhó.</i></p>	<p><i>Níl ach ceathrar sa ghrúpa / ar an bhfoireann againn.</i></p> <p><i>Fuair mé / mise cúl. (dhá chúl, trí chúl.....)</i> <i>Fuair mé / mise scór / pointe . (dhá __, trí __)</i></p> <p><i>Níor tharla ceithre phas.</i></p> <p><i>Fuair X an liathróid faoi dhó. Níl sé ceart ná cóir. Tá Y ag pleidhcíocht. Níl X ag imirt an cluiche i gceart. Tá caimiléireacht ar siúl ag Y. Fuair mise cúl. (dhá chúl, trí chúl.....)</i> <i>Cabhraigh liom. Cá bhfuil tú? Táim anseo. Anseo. Táim in aice leat. Táim taobh thiar díot. Tá tú ró-mhall.</i></p> <p><i>Tá mé tuirseach traochta. Táim ag cur allais go tréan.</i></p>
--	---	--

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



	<p><i>cosantóirí agus ionsaitheoirí ag cosaint / ag ionsaí</i></p> <p><i>Ná leag lámh/méar ar aon duine. Is féidir lámh nó méar a chur ar an liathróid.</i></p>	<p><i>Ní thabharfaidh X an liathróid dom.</i></p> <p><i>Dúirt X nach bhfuair mé scór ach fuair mé. Bhí an liathróid sa bhfáinne.</i></p>
<p>Téamh Síos: 1 An Tiománaí agus agus</p> <p>Téamh Síos 2: Uimhreacha & Litreacha</p> <p>Lig don rang bogshodar a dhéanamh timpeall an chlóis / timpeall an halla. <i>“Ag éirí níos moille”</i> an t-am ar fad go dtí go mbeidh siad <i>“ag siúl”</i> agus ansin <i>“ag siúl go mall”</i>.</p> <p>Ansin iarr orthu grúpaí de cheathrar a dhéanamh. Iarr ar dhá ghrúpa de cheathrar teacht le chéile agus beidh grúpaí de ochtar le chéile anois.</p> <p>Ansin tabhair 30 soicind dóibh an uimhir 9 a dhéanamh i ngach grúpa de ochtar – <i>“gach duine ag obair le chéile sa ghrúpa”</i>. (an uimhir – 3, 8, 2 Na litreacha (cinnlitreacha – litreacha móra) – N, A, T, I)</p> <p>Ansin is féidir linn gach “I” a chur le chéile chun “I” ollmhór a dhéanamh agus line a dhéanamh ar ais go dtí an seomra ranga.</p>	<p>Ag bogshodar – ag rith go mall réidh. Beidh gach duine ag bogshodar anois. Níl rás i gceist. Tá sibh ag dul ró-thapa. Go mall. Go mall, réidh.</p> <p>Bí ag éisteacht. Déanaigí grúpaí de cheathrar. Cuirigí dhá ghrúpa le chéile – cé mhéad duine sa ghrúpa anois – bí ag comhaireamh – duine, beirt,</p> <p>Sa ghrúpa anois, déanaigí an uimhir ____.</p> <p>Bí ag obair le chéile.</p>	<p><i>Tá __ ag rith go tapa.</i></p> <p><i>Tá mé ag cur allais.</i></p> <p><i>Bhain mé díom mo gheansaí / mo charbhat / chóta.</i></p> <p><i>Níor bhain mé díom mo ____.</i></p> <p><i>Tá __ ag pleidhcíocht.</i></p> <p><i>Níl / Ní raibh ____ ag éisteacht.</i></p> <p><i>Ní féidir linn an uimhir/litir __ a dhéanamh, tá sé ró-dheacair.</i></p> <p><i>Seas ansin. Seas thall ansin.</i></p> <p><i>Féach cad tá againn? Táimid réidh / ullamh. Ní thuigim an cluiche seo. Téann 2 mar seo – timpeall agus timpeall agus trasna – an treo seo.</i></p> <p><i>Níl sibh ag dul an treo ceart. Níl __ ag obair linn. __, tar anseo.</i></p>

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.



		<p><i>Níl go leor daoine againn.</i></p> <p><i>An bhfuil cead agam an trealamh a bhailiú / a thógaint ar ais go dtí an rang?</i></p> <p><i>Rinne mé dearmad ar mo gheansaí / mo charbhat / mo chóta.</i></p> <p><i>An bhfuil cead agam cabhrú leat?</i></p>
--	--	---

Corpoideachas trí Ghaeilge

Bhuaigh mé.

